Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2023
(OR. en)**

**10504/23**

**PECHE 240
ENV 676
POLMAR 32
ENER 352
UK 122**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an bpacáiste beartais iascaigh - le haghaidh earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe a bheidh inbhuanaithe, athléimneach agus iomaíoch |

1. An 21 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún pacáiste beartais iascaigh faoi bhráid na Comhairle, ina raibh trí theachtaireacht agus tuarascáil amháin[1], lena bhféachtar le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais a fheabhsú. Comhlánaíonn na ceithre dhoiciméad a chéile, mar téann siad i ngleic le gnéithe éagsúla den Chomhbheartas Iascaigh agus moltar iontu bearta atá dírithe ar phobail iascaigh agus chósta, ar éiceachóras na mara, ar rialachas agus ar nuálaíocht.

2. Tar éis tuairimí a mhalartú ag Comhairle AGRIFISH an 20 Márta 2023[2], thosaigh an Uachtaránacht ag obair i dtreo conclúidí ón gComhairle maidir leis an bpacáiste sin.

[1] ST 6716/23 + COR 1 + ADD 1 REV 1 + COR 1, 6690/23 + COR 1, ST 6689/23 + COR 1, ST 6691/23 + COR 1

[2] ST 7207/23

3. Phléigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an chéad dréacht[3] an 20 Aibreán agus na hathbhreithnithe a rinneadh air ina dhiaidh sin an 11 Bealtaine agus an 25 Bealtaine 2023. Thíolaic na toscaireachtaí barúlacha i scríbhinn le linn an phróisis[4]. Phléigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh dréacht críochnaitheach[5] an 15 Meitheamh 2023 inar thángthas ar réamh-chomhaontú trí chomhairliúchán i scríbhinn maidir leis an téacs mar a leagtar amach in 8303/4/23 REV 4 é, le modhnú breise i mír 57.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an téacs; agus
- a mholadh go bhformheasfaidh an Chomhairle na conclúidí ón gComhairle maidir leis an bpacáiste beartais iascaigh mar a leagtar amach in 10505/23 iad.

---

[3] 8303/23
[4] 8612/23 + ADD 1-2, ST 9646/23 + ADD 1, 10006/23 + ADD 1
[5] 8303/3/23 REV 3